**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2012*

# Speisialachas Gairmiúil
# Staidéar Grafaice agus Tógála
# (240 marc)

*Dé Máirt, 12 Meitheamh* *Maidin, 9:30 - 11:00*

## *Treoracha Ginearálta*

1. Scríobh do scrúduimhir sa spás seo:
2. Tá dhá roinn sa pháipéar seo.

***Roinn 1*** **-** Freagair an **dá** cheist. **105 marc**
**C1 - Ceisteanna gearrfhreagra**
**C2 - Cumarsáid Ghrafach**

***Roinn 2*** **-** Cúig cheist - freagair **trí cheist ar bith**. **135 marc**
**C1 - Tógáil**
**C2 - Seirbhísí Tógála**
**C3 - Ceardaíocht Adhmaid**
**C4 - Dearadh agus Déantús Bréagán Oideachasúil**
**C5 - Dearadh Ríomhchuidithe**

3. Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh agus bíodh sceitsí san áireamh de réir mar is cuí.

| Don Scrúdaitheoir amháin | | |
|---|---|---|
| 1. | Iomlán na n-iomlán bunleathanaigh | |
| 2. | Iomlán na gceisteanna dícheadaithe ar fad | |
| 3. | Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| 4. | Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge (más cuí) | |
| 5. | Marc iomlán a bronnadh má bhíonn Bónas Gaeilge i gceist (3 + 4) | |

**Nóta:** Ní mór an marc i gcolún 3 (nó colún 5 má bhronntar Bónas Gaeilge) a bheith mar an gcéanna leis an marc iomlán sa bhosca ar an script.

| Don Fheitheoir amháin | | | |
|---|---|---|---|
| Stampa an Ionaid | | | |
| **Roinn** | | **Ceist** | **Marc** |
| **1** | **(An dá ceann)** | 1 | |
| | | 2 | |
| **2** | **(3 cheist ar bith)** | 1 | |
| | | 2 | |
| | | 3 | |
| | | 4 | |
| | | 5 | |
| | | **Iomlán** | |

## *Roinn 1* ÉIGEANTACH

## *CEIST 1* *(60 Marc)*


**1. Freagair <u>DHÁ CHEANN DÉAG ar bith</u> de na <u>CÚIG CINN DÉAG</u> de ghearrcheisteanna a leanas.**

(a) Sa léaráid taispeántar feiste adhmadóireachta.
Ainmnigh an fheiste seo.

Ainm: ______________________________


Cad í an fheidhm ag an gcuid lipéadaithe **A** sa leáráid?

Feidhm: ______________________________




(b) Sa spás atá thíos, déan sceitse de theicníocht siúntáil adhmaid **AMHÁIN** a d'úsáid tú le linn d'obair phraiticiúil i Stáidéar Grafaice agus Tógála.







(c) Ainmnigh lámhuirlis adhmadóireachta **AMHÁIN** a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh gach ceann díobh seo a leanas:

Marcáil amach: ______________________________

Próiseáil: ______________________________

Cóimeáil: ______________________________



(d) Sna léaráidí taispeántar cúig shiombail sábháilteachta a bhfuil baint acu le tionscal na tógála. Mínigh cad is brí le **gach** siombail.











(e) Ainmnigh an **DÁ** chomhbhall thógála lipéadaithe **A** agus **B**.

**A**

**B**




(f) Athraigh na tomhais seo a leanas go dtí milliméadair.

2.8 cm = mm

10 m = mm


65 cm = mm



(g) Tá an lógó thíos bunaithe ar thriantán comhshleasach laistigh de heicseagán.

Críochnaigh an líníocht den lógó ar dheis.

*(Ní gá an téacs timpeall ar an lógó a chur isteach.)*



**PEANN LUAIDHE AMHÁIN**

(h) Mínigh cad is brí leis an téarma troscán i 'bpaca plánach'.



______________________________________

______________________________________

______________________________________

______________________________________

(i) Ainmnigh an clár monaraithe a thaispeántar ar dheis.



Ainm: ______________________________

I gcónaí déantar clár den saghas seo as corruimhir de shraitheanna. Tabhair cúis leis seo.

Cúis: ______________________________

______________________________

______________________________

(j) Ainmnigh an comhbhall leictreach a thaispeántar, agus a fhaightear i bhformhór na seomraí adhmadóireachta.



Ainm: ______________________________

Tabhair cúis lena leithéid de chomhbhall a bheith i seomra adhmadóireachta.

Cúis: ______________________________

______________________________

(k) Is féidir sorn millíní adhmaid a roghnú anois seachas an sorn traidisiúnta do bhreosla soladach.

Liostaigh **TRÍ** bhuntáiste atá ag millíní adhmaid thar bhreoslaí iontaise mar ghual.




1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________

(l) Baineadh úsáid as tíleanna de chruthanna agus de mhéideanna difriúla chun an pictiúr ar dheis a chruthú. Sainaithin na trí shaghas chruthanna difriúla atá ann agus comhairigh cé mhéad de gach saghas a úsáideadh.



Ainm: ______________________________

Líon: [ ]

Ainm: ______________________________

Líon: [ ]

Ainm: ______________________________

Líon: [ ]

(m) Tá mionchomhlacht ag smaoineamh ar bhinsí gairdín, mar an ceann a thaispeántar ar dheis, a tháirgeadh.

Cosnaíonn an t-adhmad don bhinse gairdín €1.50 an méadar agus cosnaíonn saothar €10 an uair.


Ríomh an costas a bhaineann le binse gairdín a dhéanamh má úsáidtear 8 méadar d'adhmad agus má thógann sé 5½ uaire é a dhéanamh.



(n) Sa léaráid taispeántar píosaí adhmaid agus iad coimeádta le chéile ag G-chrampa chun iad a ghliúáil.

Cad é an t-ainm ceart don fhórsa a fheidhmíonn an G-chrampa ar na píosaí adhmaid?

Fórsa: ______________________________



(o) Is céim thábhachtach í an mheastóireacht i bpróiseas deartha. Mínigh an téarma meastóireacht.

Freagra: ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________



**Roinn 1** **ÉIGEANTACH**

**CEIST 2** **(45 Marc)**


## 2. Cumarsáid Ghrafach


(a) Sa ghrafaic ar dheis taispeántar cló pictiúrtha de Bhréagáin de Thrucail.


(1) Críochnaigh Ingearchló, Bonnchló agus an Taobhchló na Trucaile ar an líníocht thíos.

*(Ní gá mionsonra folaithe a thaispeáint.)*

(2) Cuir dath cuí nó scáthú leis an **mBonnchló**, chun snáithe an adhmaid a léiriú.






(b) Críochnaíonn **Rás Aigéin Volvo** i nGaillimh an samhradh seo.


Tá bád do rás luaimh dá leithéid urraithe ag comhlacht ar a nglaoitear ***"Eochair-Soláthairtí Gailf"***.









(1) Agus na toisí ar dheis á n-úsáid agat, críochnaigh an líníocht den bhád seoil thíos.

(2) Dear agus déan sceitse de lógó ar sheol an bháid, a léiríonn gnó an chomhlachta.





**ÚSÁID**
**COMPÁS**
**AGUS PEANN LUAIDHE AMHÁIN**






(c) (1) Taispeántar thíos an lógó do Chluichí Oilimpeacha na bliana seo a bheidh ar siúl i Londain. Tá an lógó deartha chun an bhliain **"2012"** a léiriú. Agus an ghreille ar dheis á húsáid agat, tarraing an lógó méadaithe. Tá cuid den lógó tosaithe duit. Ba chóir an téacs ***"london"*** a chur isteach go saorlámhach.







(c) (2) Más é an scála don líníocht a thaispeántar ná 1:2, ríomh na toisí do **A**, **B** agus **C** thíos.


A ________ mm


B ________ mm

C ________ mm




(c) (3) Cuir an rindreáil agus an scáthú cuí leis na cruthanna seo a leanas.








Adhmad

Miotal

## *Roinn 2* *(135 Marc)*

## Freagair <u>TRÍ</u> CHEIST <u>AR BITH</u> ón roinn seo.

### 1. Tógáil


(a) Taispeántar cuid de na huirlisí a úsáideann bríceadóir nó plástrálaí.
Ainmnigh na **CÚIG** uirlis agus abair cad chuige a n-úsáidfí gach uirlis.

| UIRLIS | AINM | ÚSÁID |
|---|---|---|
|  | ______________ | ______________________ ______________________ |
|  | ______________ | ______________________ ______________________ |
|  | ______________ | ______________________ ______________________ |
|  | ______________ | ______________________ ______________________ |
|  | ______________ | ______________________ ______________________ |

(b) Sa léaráid taispeántar díon gearrtha agus sé chomhbhall lipéadaithe le huimhreacha. Meaitseáil ainmneacha na gcomhbhall leis na huimhreacha cearta thíos. (Tá an chéad cheann déanta cheana).

| | |
|---|---|
| 1 | Maide balla |
| 2 | Maide Mullaigh |
| 3 | Rachta |
| 4 | Ceangal coiléir |
| 5 | Giarsa na síleála |
| 6 | Béal an éin |

(3 — Maide balla)



(c) Sa dronuilleog phoncaithe thíos taispeántar ballaí imlíneacha cistine. Is iad tomhais na cistine ná 3000mm x 4000mm.

Déan sceitse, ag scála de 1:20, de leagan amach tipiciúil cistine. Cuir in iúl na suímh ag doras, dhá fhuinneog, doirteal, iarta, bonnaonaid chistine agus bord is cathaoireacha.
Ba chóir scáthú agus dathú a úsáid chun cur leis an léiriúchán.

**PEANN LUAIDHE AMHÁIN**

## 2. Seirbhísí Tógála

(a) (1) Taispeántar **Grianphainéal** a chuirtear go coitianta ar thithe.

Déan cur síos, agus nótaí agus sceitsí á n-úsáid agat, ar conas is féidir é a cheangal isteach i gcóras chun uisce tí a théamh.






______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(a) (2) Sa léaráid taispeántar feistiú pluiméireachta coitianta. Ainmnigh an feistiú agus déan cur síos go hachomair ar conas a oibríonn sé.

Ainm: ______________________________

Oibriú: ______________________________


______________________________________

______________________________________

______________________________________



(b) (1) Mínigh cad is brí leis an téarma **"Rátáil Fuinnimh Foirgnimh" (BER i mBéarla)** maidir le tithe in Éirinn.




(2) Tá luach "**Rátáil Fuinnimh Foirgnimh**" de 90 cileavatuair don mhéadar cearnach in aghaidh na bliana ag teach atá inslithe go maith agus a bhfuil achar urláir de 200 méadar cearnach ann. Déanfar an teach a théamh le leictreachas, a chosnaíonn €0.12 an chileavatuair. Sa bhosca thíos ríomh an costas a bhaineann leis an teach seo a théamh gach bliain.



(c) Taispeántar thíos dhá chomhbhall a úsáidtear i gcóras pluiméireachta.
Ainmnigh an dá chomhbhall agus déan cur síos go hachomair ar conas is fearr a d'fhéadfaí an dá chomhbhall a insliú.



Ainm:

Modh inslithe:



Ainm:

Modh inslithe:

## 3. Ceardaíocht Adhmaid


(a) Sa léaráid, taispeántar aonad seilfre, do chúinne, atá déanta as dair.



(1) Ainmnigh uirlis a d'fhéadfá a úsáid chun na cuair ar na taobhphainéil a ghearradh?

Uirlis: ______________________________

(2) Sa bhosca thíos, agus nótaí is sceitsí á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a dhéanfá deimhin de go bhfuil an dá thaobhphainéal comhionann i gcruth.




PEANN LUAIDHE AMHÁIN

(3) Sa bhosca thíos, agus nótaí is sceitsí á n-úsáid agat, déan cur síos ar mhodh oiriúnach chun na seilfeanna a shiúntáil leis na taobhphainéil.



PEANN LUAIDHE AMHÁIN

(b) Ainmnigh na **CÚIG** shábh láimhe a thaispeántar.




**1** [ ] **2** [ ] **3** [ ]

**4** [ ] **5** [ ]

(c) Sa léaráid taispeántar soitheach adhmaid do phlandaí amuigh faoin aer.



(1) Ainmnigh adhmad atá dúchasach d'Éirinn agus a bheadh oiriúnach lena úsáid chun an soitheach plandaí seo a mhonarú (a dhéanamh).

____________________________________

(2) Mol cóireáil bailchríoch dhromchla oiriúnach a d'fhéadfaí a chur ar an mbosca plandaí.

____________________________________

(3) Déan cur síos ar **DHÁ** thoisc a chaithfeá a thógáil san áireamh agus bonn an soitheach plandaí á dhearadh.

**1.** ______________________________________________________

**2.** ______________________________________________________

## 4. Dearadh agus Déantús Bréagán Oideachasúil

(a) (1) Chun suim linbh a choimeád, go minic bíonn níos mó ná feidhm amháin ag bréagáin.

Déan cur síos ar cad a tharlaíonn, dar leat, nuair a dhéantar an bréagán seo a shá feadh na talún.



(2) Déan sceitse de bhréagán a rinne tú mar chuid de do chúrsa agus a raibh gluaiseacht thánaisteach ann. Cuir lipéid ar an sceitse chun a thaispeáint conas a d'oibrigh an ghluaiseacht thánaisteach.

**PEANN LUAIDHE AMHÁIN**

(b) Ba chóir bréagáin oideachasúla a bheith deartha chun freastal ar aoisghrúpaí sonracha.

Maidir le gach ceann de na bréagáin a thaispeántar thíos, luaigh cé acu aoisghrúpa a mbeadh sé oiriúnach dó agus tabhair cúis le do fhreagra.




Aoisghrúpa: ____________________

Cúis: ______________________________________

______________________________________

______________________________________



Aoisghrúpa: ____________________

Cúis: ______________________________________

______________________________________

______________________________________



Aoisghrúpa: ____________________

Cúis: ______________________________________

______________________________________

______________________________________

(c) Ainmnigh na **TRÍ** fhoinse chumhachta atá ag teastáil chun gluaiseacht a tháirgeadh sna bréagáin a thaispeántar thíos.








## 5. Dearadh Ríomhchuidithe


(a) (1) Sa líníocht CAD thíos taispeántar imlíne feadóg réiteora. Agus rialóir á úsáid agat chun iad a thomhas, cuir isteach go néata ar an líníocht, sampla de **GACH** ceann de na saghsanna seo a leanas de thoise CAD:



(i) Toise Líneach (cothrománach)
(ii) Toise Líneach (ceartingearach)
(iii) Toise Díritheora
(iv) Toise Uilleach
(v) Toise Ailínithe
(vi) Toise Gathach.

*(Ba chóir cinn saighde, línte sínte, téacs, etc a chur isteach go néata.)*




PEANN LUAIDHE AMHÁIN

(b) Tá "Néalteicneolaíocht" ar líne ag leathnú go tapa le haghaidh stóráil sonraí agus roghnaítear í thar na meáin thraidisiúnta mar CDanna, Méaróga USB, etc.
Sa tábla thíos sainaithin **DHÁ** bhuntáiste agus **DHÁ** mhíbhuntáiste a bhaineann leis an dá mheán stórála.

| | | |
|---|---|---|
| **Na Meáin Thraidisiúnta**  | **Buntáistí** | 1. |
| | | 2. |
| | **Míbhuntáistí** | 1. |
| | | 2. |
| **Stóráil ar Líne**   | **Buntáistí** | 1. |
| | | 2. |
| | **Míbhuntáistí** | 1. |
| | | 2. |


(c) (1) Ainmnigh pacáiste CAD a d'úsáid tú le linn duit a bheith ag déanamh staidéir ar Staidéar Grafaice agus Tógála.


Pacáiste: ______________________________

(2) Sa ghrafaic ar dheis taispeántar teilgeoir sonraí a fhaightear go coitianta i seomraí ranga nua-aimseartha.
Sa líníocht thíos taispeántar cló pictiúrtha agus aghaidhchló den teilgeoir sonraí.

Liostaigh **CÚIG** ordú/uirlis/ghné CAD a d'úsáidfí chun na líníochtaí thíos a tháirgeadh agus mínigh go hachomair cad a dhéanann gach ordú/uirlis/gné.





| | Ordú/Uirlis/Gné | Cad a dhéanann sé/sí |
|---|---|---|
| 1 | ____________ | ____________ |
| 2 | ____________ | ____________ |
| 3 | ____________ | ____________ |
| 4 | ____________ | ____________ |
| 5 | ____________ | ____________ |

Leathanach Bán